C/2024/6826

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na hÍsiltíre

(C/2024/6826)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle , agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn an tSaoráid ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Ísiltír caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair, agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Ísiltír ar cheann de na Ballstáit a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol go ndéanfadh míchothromaíochtaí difear di, agus a mbeadh gá le grinn-athbhreithniú ina leith. An dáta céanna ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na hÍsiltíre le haghaidh 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) ón gComhairle (arna leasú) maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíche nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta atá ag Ballstát ar bith, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le hollfhiachas rialtais a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta,

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir (AE) 2011/85 ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 7 Iúil 2022 chuir an Ísiltír a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre ([9]), a leasaíodh an 24 Deireadh Fómhair 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil ar REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Ísiltír. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 29 Aibreán 2024, thíolaic an Eastóin a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus, an 30 Aibreán 2024, thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta le haghaidh 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na hÍsiltíre maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 le haghaidh na hÍsiltíre. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na hÍsiltíre ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hÍsiltíre ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Ísiltír faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na hÍsiltíre, foilsíodh iad i mí an Mhárta 2024. An 19 Meitheamh 2024 tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Ísiltír. Go háirithe, tá leochaileachtaí os comhair na hÍsiltíre a bhaineann le fiachas príobháideach ard i gcomhthéacs margadh tithíochta ró-luacháilte, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leis agus atá fós ábhartha d'ainneoin roinnt feabhsuithe. Maolaíodh leochaileachtaí a bhaineann leis an mbarrachas mór sa chuntas reatha tríd an bhfás réasúnta láidir ar an éileamh intíre. Tá barrachas mór sa chuntas reatha ardaithe, agus táthar ag súil go bhfanfaidh sé, mar gheall ar bharrachas substaintiúil i dtrádáil earraí agus seirbhísí, rud a léiríonn barrachas coigiltis intíre thar infheistíocht don gheilleagar ina iomláine. Mar sin féin, tá an t-éileamh intíre ag fás níos láidre ná mar a bhí sa limistéar euro le blianta beaga anuas, rud a thugann le fios go bhfuil iarmhairtí an bharrachais sa chuntas reatha ar an gcuid eile den limistéar ag dul i laghad. Is gnéithe iad láithreacht shuntasach fiontar ilnáisiúnta san Ísiltír, tionchar staidrimh an tuillimh chorparáidigh choimeádta, agus ról na gcistí pinsin a charnann coigiltis mhóra a infheistítear thar lear a chuireann leis an mbearna mhór infheistíochta i gcoigilteas. Lean an fiachas príobháideach de bheith ag laghdú go mór in 2023, agus is féidir a bheith ag súil le tuilleadh laghduithe, ach tá an fiachas fós ard. Mar gheall ar an leibhéal ard fiachais mar aon le sealúchais mhóra sócmhainní neamhleachtacha, tithíocht agus coigilteas pinsin go

([9]) ST 12275/22 INIT agus ST 12275/22 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre (ST 13613/23 INIT agus ST 13613/23 ADD 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

príomha, tá teaghlaigh i mbaol dálaí eacnamaíocha atá ag athrú, go háirithe i bhfianaise an mhargaidh tithíochta ró-luacháilte. Léirigh praghsanna tithe roinnt ceartúcháin don chuid is mó den bhliain seo caite i gcomhthéacs coinníollacha maoinithe níos déine ach tá ró-luacháil orthu fós fiú más lú ná mar a bhí orthu roimhe seo. Rinneadh roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí a sainaithníodh, ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí. D'fhéadfaí roinnt roghanna a shaothrú chun dul i ngleic ar bhealach níos láidre le ganntanais tithíochta trí bhíthin infheistíocht tithíochta níos airde agus trí dheireadh a chur le bacainní ar theaghaisí nua a thógáil, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhreasachtaí cánach le haghaidh úinéireacht tí arna maoiniú ag fiachas. Ní dócha go gcuideoidh athchóirithe a rinneadh le déanaí sa mhargadh cíosa príobháideach le hinfhaighteacht tithíochta.

(11) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na hÍsiltíre ó 0,1 % de OTI in 2022 go 0,3 % in 2023, agus laghdaigh fiachas rialtais ghinearálta ó 50,1 % de OTI ag deireadh 2022 go 46,5 % ag deireadh 2023.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle ([12]) go ngníomhódh an Ísiltír chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais airgeadais ([13]) in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Moladh don Ísiltír a bheidh réidh an caiteachas reatha a choigeartú bunaithe ar an staid atá ag athrú. Mhol sí don Ísiltír freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh a leathnú, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trína dhéanamh sin trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([14]) crapthach, faoi 0,8 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh rannchuidiú crapthach 0,9 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas méadaithe na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus do na gnólachtaí is leochailí ó thaobh ardú praghsanna fuinnimh faoi 0,4 % den OTI. Bhí fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 3,1 % de OTI in 2023, is é sin laghdú 0,1 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022 ([15]). Mhaoinigh an Ísiltír infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe glais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla, tríd an eangach leictreachais phlódaithe a leathnú, feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí agus rochtain ar an idirlíon ardluais i gceantair thuaithe a leathnú. An 24 Bealtaine 2024, chuir an Ísiltír an chéad iarratas ar íocaíocht isteach faoin tSaoráid, agus tá an Coimisiún i mbun measúnú ar an iarratas sin anois.

(13) I gClár Cobhsaíochta 2024, réamh-mheastar leis an gcás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha go dtiocfaidh méadú 1,1 % ar an bhfíor-OTI in 2024 agus go dtiocfaidh méadú 1,6 % air in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,0 % de OTI in 2024 agus go 2,1 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 46,8 % faoi dheireadh 2024 agus go 48,1 % faoi dheireadh 2025. I ndiaidh 2025, tuartar go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,3 % de OTI in 2026, 2,6 % de OTI in 2027 agus 3,2 % de OTI in 2028. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de luach tagartha easnaimh an Chonartha OTI thar thréimhse an chláir. Dá bhrí sin, i ndiaidh 2025, tuartar go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta-OTI go 52,0 % de OTI in 2028.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 0,8 % in 2024 agus 1,5 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) ag 2,5 % in 2024 agus 2,0 % in 2025.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais 2,0 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 47,1 % faoi dheireadh 2024. An méadú ar an easnamh in 2024, léiríonn sé den chuid is mó easnaimh in ioncam mar gheall ar dháileadh díbhinní thar a bheith ard in 2023 in oirchill méadú ar cháin ioncaim díbhinne in 2024, caiteachas méadaithe ar shochair shóisialta chun cumhacht ceannaigh teaghlach ar ioncam íseal a athbhunú, cabhair mhéadaithe don Úcráin, chomh maith le hinfheistíochtaí

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le beartais eacnamaíocha na hÍsiltíre agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na hÍsiltíre, (IO C 334, 1.9.2022, lch. 154).

([13]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 9,7 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach san Ísiltír in 2023, agus úsáidtear sin chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus le cistí eile an Aontais.

([15]) Tháinig méadú 0,2 pointe céatadáin ar chaiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomparáid le 2022.

poiblí trí chistí aeráide, bonneagair agus cosanta an rialtais. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach ag leathnú ar ráta 0,4 % de OTI in 2024.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,1 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta nó fiacha na hÍsiltíre.

(17) An 14 Iúil 2023 mhol an Chomhairle ([16]) don Ísiltír beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ([17]) in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 3,5 %. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha do 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, agus iad de bhun na sonraí olltoraidh do 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 6,6 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na hÍsiltíre a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, atá os cionn an uasráta fáis a moltar. 1,3 % de OTI in 2024 is é an caiteachas iomarcach sin thar an ráta fáis uasta a mholtar i nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta. Mar sin féin, bhí an glanchaiteachas in 2023 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis tráth an mholta (faoi 1,3 % de OTI). Dá bhrí sin, ó rud é gur ceapadh an moladh le haghaidh 2024 mar ráta fáis, cuirtear an bhunéifeacht ó 2023 san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh freisin. I gcás ina raibh an glanchaiteachas in 2023 mar a bhí coinne leis tráth an mholta, bheadh ráta fáis an ghlanchaiteachais in 2024 os cionn an ráta fáis a mholtar, faoi níos lú ná 0,1 % de OTI. Dá bhrí sin, déantar measúnú ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta mar chaiteachas go bhfuil an baol ann nach mbeidh sé go hiomlán i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ísiltír gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Ísiltír a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí coigilte fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 1,0 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([18]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,1 % a bheidh i gceist in 2024, agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, na dleachtanna máil laghdaithe ar dhíosail agus gásailín, meastar go bhfanfaidh siad i bhfeidhm in 2024. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 0,9 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear rannchuidiú forleathnaitheach ó ghlanchaiteachas príomhúil ([19]) a mhaoinítear go náisiúnta leis an staid fhioscach 0,5 % de OTI sa bhliain sin. Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh in 2023 agus 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Ísiltír infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 3,1 % de OTI in 2024, i gcomparáid le 3,1 % de OTI in 2023. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais faoin tSaoráid, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 0,2 % de OTI in 2024.

([16]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na hÍsiltíre um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hÍsiltíre 2023, (IO C 312, 1.9.2023, lch. 176).

([17]) Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([18]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

([19]) Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

(20) De bhun bhearta beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2,1 % de OTI in 2025. Leis an méadú ar an easnamh in 2025, léirítear go príomha méadú breise ar an infheistíocht phoiblí atá beartaithe ag an rialtas. Meastar go dtiocfaidh méadú go 48,4 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025.

(21) Torthaí ó airíonna príomháit chónaithe, ar shaibhreas pinsin agus ar infheistíochtaí a shealbhaítear i gcuideachtaí atá i ndlúthsheilbh, gearrtar cáin ar rátaí fabhracha orthu i gcomparáid le hioncam ó infheistíochtaí i scaireanna agus i mbannaí. Sa bhreis air sin, déantar an cháin ar ioncam ó infheistíochtaí i scaireanna agus i mbannaí a ríomh bunaithe ar thorthaí toimhdithe seachas ar thorthaí iarbhír. Cóireáil cánach fhabhrach ar mhaoine cónaithe trí in-asbhainteacht úis morgáiste mar aon le héileamh ar bhreoslaí cánach cíosa barúlacha ísle ar an margadh tithíochta, rud a mhéadaíonn praghsanna. Ina theannta sin, tá faoiseamh cánach ag coigilteas pinsin suas le leibhéil ioncaim sách ard. Mar thoradh air sin, tá saibhreas teaghlaigh san Ísiltír comhchruinnithe go mór i gcineálacha neamhleachtacha saibhris, mar shampla, tithíocht nó pinsin. Fágann sé sin go mbíonn teaghlaigh neamhchosanta ar riosca eacnamaíoch níos mó le linn suaití eacnamaíocha agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh patrún tomhaltais optamach mar thoradh air thar a saolré i mórán cásanna. As cóir chánach éagothrom laistigh de chineálacha sócmhainní agus ar fud na gcineálacha sócmhainní freisin, eascraíonn arbatráiste cánach agus d'fhéadfadh sé leithdháileadh éifeachtúil caipitil a chur as a riocht. Mar thoradh air sin, tá an chóir éagothrom sin ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

(22) I dteannta na ndreasachtaí cánach dá dtagraítear in aithris 21, is é easpa soláthair teaghaisí nua is cúis leis an ró-luacháil sa mhargadh tithíochta freisin. Trí dheireadh a chur le bacainní atá ag coinneáil siar infheistíochtaí faoi láthair, lena n-áirítear infheistíochtaí i bhfoirgníocht chónaithe, d'fhéadfaí ligean don rialtas a phleananna a chur chun cinn go héifeachtach chun an soláthar tithíochta a mhéadú agus rannchuidiú le hathchothromú seachtrach. Mar thoradh air sin, tá sé ábhartha deireadh a chur leis na bacainní sin chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Ag an am céanna, tá an margadh cíosa príobháideach sách beag, agus mar thoradh air sin tá soláthar teoranta roghanna malartacha atá inacmhainne agus atá ar fáil seachas úinéireacht tí. Baineann an easpa tithíochta inacmhainne ar cíos an bonn ó shoghluaisteacht an lucht saothair agus ón gcomhtháthú sóisialta freisin.

(23) Tá córas cúraim fhadtéarmaigh dea-fhorbartha ag an Ísiltír. Cé go bhfuil an caiteachas ar chúram fadtéarmach san Ísiltír ar an gcaiteachas is airde san Aontas cheana féin, meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar na costais. In 2022 ba é 3,8 % de OTI an caiteachas iomlán ar chúram fadtéarmach san Ísiltír, an méid is airde san Aontas go mór fada. I dTuarascáil 2024 maidir le hAosú tuartar go dtiocfaidh méadú 1,0 pointe céatadáin ar an bhfigiúr sin faoi 2040 agus méadú 1,9 pointe céatadáin faoi 2070. Ina theannta sin, tá na costais aonaid chun cúram institiúideach a sholáthar san Ísiltír i measc na gcostas is airde san Aontas, fiú nuair a dhéantar iad a thomhas mar sciar de OTI *per capita*. Tugtar le fios leis sin go bhfuil deis ann feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhioscach an chúraim fhadtéarmaigh trí neamhéifeachtúlachtaí sa chóras a laghdú gan cáilíocht agus cumhdach ard an chúraim sin a chur i mbaol. Sampla de neamhéifeachtúlachtaí den sórt sin is ea go bhfuil dreasachtaí ag bardais, arb iad na soláthraithe cúraim baile agus shóisialta san Ísiltír iad, chun freagracht as othair a aistriú chuig an earnáil cúraim cónaithe seachas leanúint de chúram baile agus pobalbhunaithe a sholáthar dóibh chomh fada agus is féidir. Ina theannta sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí sa chóras cúraim fhadtéarmaigh, mar shampla trí réitigh atá níos digití agus níos nuálaí a úsáid nó trí infheistíocht a dhéanamh sa chosc ionas go gcuirfí moill ar thús na riachtanas cúraim fhadtéarmaigh agus ar an spleáchas ar thacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí laethúla maireachtála.

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hÍsiltíre leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Ísiltír dlús suntasach a chur le hathchóirithe a chur chun feidhme, go háirithe cur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe atá gaolmhar le moltaí tírshonracha a áirithiú. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(25) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), tá sé de cheangal ar an Ísiltír gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an Ísiltír maidir le cláir an bheartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. Cé go bhfuil difríochtaí réigiúnacha in OTI *per capita* fós cobhsaí agus go bhfuil rangú na réigiún uile i bhfad os cionn mheán an Aontais maidir leis an iomaíochas, déanann an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de difear ar bhealaí éagsúla do réigiúin ina bhfuil braislí tionscal atá dian ar astaíochtaí. Tá sé tábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe, agus tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Tá tábhacht ar leith fós leis na cuspóirí chun tacú leis an nuálaíocht a bhaineann leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, chomh maith le tacú leis an ngeilleagar glas sna réigiúin ina bhfuil braislí tionscail is mó a ndéanann an t-aistriú aeráide difear dóibh. Tá tacaíocht d'aistrithe sochaíocha i limistéir uirbeacha dhíothacha i gcathracha móra fós ábhartha. Tá gá fós le gníomhaíocht chun neamhionannais shóisialta agus neamhionannais i margadh an tsaothair a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh i gcomhdheiseanna (fostaíochta) agus tríd an idirdhealú a chomhrac. Agus an t-athbhreithniú meántéarma ar chláir an bheartais comhtháthaithe á dhéanamh, an acmhainneacht maidir le réitigh a thástáil agus a phíolótú chun cuidiú le plódú na n-eangach leictreachais a laghdú, ba cheart an acmhainneacht sin a chur chun cinn toisc go rannchuideoidh sé sin le haistriú glas na hÍsiltíre. D'fhéadfadh an Ísiltír úsáid a bhaint as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), chun tacú le claochlú tionsclaíochta agus chun infheistíochtaí i monaraíocht teicneolaíochta glan-nialasachta a éascú, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú.

(26) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshlán breise roimh an Ísiltír a bhaineann le deighilt mhargadh an tsaothair, ganntanais saothair agus scileanna, leis an oideachas bunúsach, le spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus taiscí nítrigine iomarcacha.

(27) Tá sciar na fostaíochta solúbtha (idir oibrithe ar chonarthaí sealadacha agus daoine féinfhostaithe) sa mhargadh saothair fós ard san Ísiltír. Léiríonn sé sin go bhfuil riosca leanúnach ann maidir le deighilt i margadh an tsaothair, agus éifeachtaí saofa ar chorrlaigh mhargadh an tsaothair aici. Is féidir leis sin éagothroime i ndáil le deiseanna a mhéadú agus cur isteach ar an táirgiúlacht. Is féidir le solúbthacht áirithe sa mhargadh saothair rannchuidiú le hinoiriúnaitheacht an gheilleagair a fheabhsú agus d'fhéadfadh an tsolúbthacht sin freastal ar bhealach níos fearr ar roghanna aonair freisin. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an úsáid iomarcach cineálacha solúbtha fostaíochta ar oibrithe agus ar an ngeilleagar i gcoitinne. Mar shampla, is dúshlán é rannpháirtíocht san oiliúint agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil dóibh siúd a bhfuil socruithe solúbtha fostaíochta conartha acu, agus dá réir sin laghdaítear infheistíocht i scileanna agus géaraíonn sé lagú na táirgiúlachta. I gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, tá bearta fógartha ag rialtas na hÍsiltíre chun aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí idir socruithe oibre buana agus solúbtha. Áirítear ar na bearta sin deireadh a chur le conarthaí uaireanta nialasacha, cineál nua conartha a chur in ionad conarthaí 'ar glao-dhualgas' mar atá siad faoi láthair, lena soláthraítear níos mó slándáil ioncaim d'oibrithe, agus lena gcuirtear feabhas ar shlándáil poist oibrithe gníomhaireachta sealadacha. Beidh sé tábhachtach dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis na pleananna sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun a áirithiú go mbeidh an rogha maidir le cineál áirithe conartha fostaíochta bunaithe ar riachtanais a bhaineann go sonrach le post nó ar roghanna na sealbhóirí poist, agus, san am céanna, go gcuirfear feabhas ar fhostaíocht agus ar staid shóisialta daoine i bhfostaíocht sholúbtha agus deighilt i margadh an tsaothair a laghdú.

(28) Bhí ganntanais saothair agus scileanna forleathan cheana féin i margadh saothair na hÍsiltíre roimh ghéarchéim COVID-19, ach tá na ganntanais sin níos forleithne ó shin. Earnálacha amhail teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), cúram sláinte agus oideachas agus poist theicniúla, agus poist a bhaineann leis an aistriú glas, tá siad ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais struchtúracha a mheastar a leanfaidh ar aghaidh, i bpáirt mar gheall ar fhorbairtí déimeagrafacha. D'ainneoin ráta ard rannpháirtíochta ar an iomlán, tá líon oibrithe ionchasacha fós ag an Ísiltír nár baineadh leas astu, mar shampla, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo nó iad siúd atá ag gabháil d'fhostaíocht pháirtaimseartha. Mar gheall ar thearcúsáid cuid den lucht saothair, mar aon le ganntanais scileanna, tá iomaíochas na hÍsiltíre i mbaol agus d'fhéadfaí infheistíochtaí a choinneáil siar, lena n-áirítear infheistíochtaí i dtógáil teaghaisí nua, rud a fhágann go bhfuil sé ábhartha do na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Ísiltír. Tá gá le

([20]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([21]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

cur chuige cuimsitheach chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, agus chun freastal san am céanna ar riachtanais agus ar bhacainní earnáilsonracha. Chun an soláthar saothair a mhéadú, d'fhéadfaí daoine a dhreasú chun níos mó uaireanta an chloig oibre a dhéanamh, lena n-áirítear trí bhearta beartais lena gcuirtear cáilíocht na hoibre agus an chothromaíocht oibre is saoil chun cinn. Ina theannta sin, trí dheiseanna uas-scilithe nó athscilithe a neartú trí bhearta spriocdhírithe agus saincheaptha, go háirithe do dhaoine atá ar imeall mhargadh an tsaothair agus daoine neamhghníomhacha, d'fhéadfaí cabhrú chun ganntanais lucht saothair agus scileanna a mhaolú agus torthaí sóisialta a fheabhsú. I bhfianaise na nganntanas oibrithe atá ann cheana ar fud earnálacha agus i bhfianaise na táirgiúlachta saothair marbhánta, d'fhéadfadh bearta beartais ar thaobh an éilimh díriú ar earnálacha ard-bhreisluacha a chur chun cinn chomh maith le hearnálacha a bhaineann le dúshláin shochaíocha, mar shampla, oideachas agus cúram sláinte, soghluaisteacht trasearnála a chothú agus infheistíochtaí feabhsaithe táirgiúlachta agus T&F a mhéadú.

(29) D'ainneoin sciar na ndaltaí 15 bliana d'aois is fearr feidhmíocht a bheith fós sách ard, ach é a bheith ag laghdú, lé torthaí an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí 2022 (PISA) léirítear méadú mór ar líon na ndaltaí ar tearcghnóthachtálaithe iad sa mhatamaitic, san eolaíocht agus i scileanna léitheoireachta. Tá éagsúlacht mhór sa laghdú idir rianta éagsúla sa mheánoideachas, agus is iad na daltaí sna rianta is ísle – na conairí éagsúla meánoideachas réamh-ghairme (vmbo) – a léiríonn an laghdú is mó ar scóir na dtrialacha. Ina theannta sin, daltaí a bhfuil cúlra imirce acu (daltaí dúchais a bhfuil tuismitheoirí acu a rugadh thar lear agus daltaí a rugadh thar lear), is tearcghnóthachtálaithe iad beagnach dhá oiread níos minice ná daltaí nach bhfuil aon chúlra imirce acu, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, cé go bhfuil an difríocht beagán níos lú sa léitheoireacht. Tá meath na mbunscileanna ar cheann de na cinn is mó san Aontas agus baineann sé an bonn ó thorthaí oideachais agus ó thorthaí mhargadh an tsaothair chomh maith le táirgiúlacht agus iomaíochas fadtéarmach. Is féidir leis an nganntanas múinteoirí atá ag dul i méid na dúshláin i bhforbairt scileanna agus i gcothromas agus cáilíocht an oideachais a ghéarú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Ísiltír meastóireacht a dhéanamh ar na bearta atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar bhunscileanna agus athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar is gá, chun a dtionchar a mhéadú, go háirithe i gcás scoileanna ina bhfuil daltaí faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Ísiltír bearta a dhéanamh chun tréscaoilteacht a rianta meánscoile a mhéadú agus a dreasachtaí a leathnú chun níos mó múinteoirí a mhealladh chuig scoileanna ina bhfuil scoláirí faoi mhíbhuntáiste.

(30) Ós rud é go bhfuil plódú na heangaí leictreachais ag dul i méid de réir a chéile, is minic a bhíonn ar oibreoirí líonraí iarrataí ar rochtain ar an eangach a dhiúltú ó tháirgeoirí nua leictreachais agus ó thomhaltóirí nua. Tá an baol ann go gcuirfidh plódú san eangach moill ar an aistriú chuig fuinneamh glan agus go gcuirfidh sé srian ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, rud a fhágann go bhfuil sé ábhartha do na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Ísiltír. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach acmhainneacht agus solúbthacht na heangaí tarchurtha agus dáileacháin a mhéadú chun slándáil an tsoláthair leictreachais a áirithiú, chun dlús a chur le cur in úsáid an bhonneagair fuinnimh in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta araon, chun freastal ar an éileamh ar leictreachas, agus chun feabhas a chur ar an iomaíochas. Sa phlean náisiúnta córais fuinnimh, a glacadh i mí na Nollag 2023, iarrtar infheistíochtaí in acmhainneacht bhreise eangaí agus stórála nach mór a chur chun feidhme anois. Chun na hinfheistíochtaí is gá i leathnú an bhonneagair leictreachais a éascú, tá nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla ríthábhachtach le haghaidh gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais. Chuirfeadh sé sin dlús freisin le cur chun feidhme tionscadal fuinnimh in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta. Ar deireadh, mar chuid de na creatchoinníollacha, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar phlódú trí bhearta agus rialacháin theicniúla (e.g. dreasachtaí taraife nó teorainneacha buaicuaire).

(31) D'fhéadfadh dianchleachtais talmhaíochta a bheith ina gcúis le deascadh iomarcach nítrigine, agus iarmhairtí tromchúiseacha aige sin ar shláinte na hithreach agus ar éiceachórais uisceacha agus mhuirí, agus meath ar chaipiteal nádúrtha a bheith mar thoradh air sin, agus san am céanna srianta suntasacha a chur ar cheadú gníomhaíochta tógála a astaíonn nítrigin agus ar chur chun feidhme bonneagair fuinnimh in-athnuaite. Mar thoradh air sin, tá na cleachtais sin ábhartha maidir leis na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Ísiltír. Tá gá le tacaíocht leanúnach chun aistriú chuig talmhaíocht inbhuanaithe a spreagadh, lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach, agus iomaíochas agus cothroime shóisialta á n-áirithiú san am céanna. I gcomhréir le Plean Straitéiseach na hÍsiltíre um an gComhbheartas Talmhaíochta, bhainfeadh an Ísiltír tairbhe as líon a beostoic a laghdú, dlús a chur leis an aistriú chuig talmhaíocht chiorclach agus orgánach, athfhliuchadh a dhreasú agus gan ithreacha atá ar mhórán carbóin a tháirgeadh a thuilleadh, agus úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus leasachán neamhorgánach a laghdú. Ina theannta sin, d'fhéadfaí seasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra luacha a fheabhsú, mar shampla trí chomharthaí cáilíochta an Aontais a fhorbairt a thuilleadh, aitheantas níos fearr a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, tuilleadh digiteála agus nuálaíochta a thabhairt isteach sa talmhaíocht, agus infhaighteacht táirgí orgánacha do thomhaltóirí a mhéadú. Tá deis ann fós infheistíocht a mhéadú a thuilleadh i gcosc agus rialú ar thruailliú, agus i mbainistiú inbhuanaithe uisce.

(32) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú coiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an Moladh le haghaidh 2024 maidir leis

an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na hÍsiltíre, cuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) leis an gcéad mholadh, an dara moladh, an tríú moladh agus an ceathrú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro.

(33) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas príobháideach i gcomhthéacs mhargaidh tithíochta ró-luacháilte. Rannchuidíonn moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus leis an moladh a chur chun feidhme sa limistéar euro, i gcomhréir le haithris 31.

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Ísiltír gníomhaíocht in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le ceanglais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar an nglanchaiteachas in 2025 go ráta atá comhsheasmhach, *inter alia*, leis an easnamh rialtais ghinearálta a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, agus an t-ollfhiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama go meántéarmach. Cánachas cineálacha éagsúla ioncaim ón rachmas, i measc nithe eile, a ailíniú chun claontacht fiachais teaghlaigh a laghdú. Bacainní ar thógáil teaghaisí nua a bhaint, agus inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta sa mhargadh cíosa príobháideach a áirithiú. Aghaidh a thabhairt ar an méadú ionchasach ar chaiteachas a bhaineann le haois tríd an gcóras cúraim fhadtéarmaigh a dhéanamh níos costéifeachtúla.

2. Dlús suntasach a chur leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, lena áirithiú go mbeidh athchóirithe agus infheistíochta curtha i gcrích faoi Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar na cláir sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, na réitigh a bhaineann le tástáil agus píolótú a chur chun cinn chun cuidiú le plódú na heangaí leictreachais a laghdú, agus na deiseanna a chuireann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.

3. Bearta a chur chun feidhme chun dreasachtaí a laghdú chun conarthaí solúbtha nó sealadacha a úsáid. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna struchtúracha agus earnáilsonracha, lena n-áirítear trí leas a bhaint as acmhainneacht lucht saothair tearcúsáidte, agus trí shoghluaisteacht chuig earnálacha ardtáirgiúlachta agus earnálacha a bhaineann le dúshláin shochaíocha a spreagadh. Feabhas a chur ar bhunscileanna, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanas múinteoirí agus ar thacaíocht shaincheaptha do scoileanna faoi mhíbhuntáiste.

4. Feabhas a chur ar chreatchoinníollacha chun borradh a chur faoin infheistíocht sna heangacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais, go háirithe chun dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus chun feabhas a chur ar an iomaíochas. Tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh maidir leis an talmhaíocht inbhuanaithe.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.